**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**BRAINSE NA SCRÚDUITHE**

SCRÚDUITHE DON TEASTAS SÓISEARACH, 2002

# CLÓSCRÍOBH
(GNÁTHLEIBHÉAL)

## Dé hAoine, 31 Bealtaine 9.30 r.n. - 11.40 r.n.

### TREORACHA

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30-9.40 r.n. Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhe sin.
* Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach á úsáid agat.
* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.
* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht rl, ach amháin sa Triail Chruinnis, (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.
* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord.**
* Cuir d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann dod obair chríochnaithe. Cuir 'M' i ndiaidh do Uimhir Scrúdaithe má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).
* Ná cuir do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.
* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

**CEISTEANNA**

**1. Triail Chruinnis** (9.40 - 9.50 r.n.)

1 . 1 Déan cóip charbóin de do chuid oibre. Dealófar marcanna muna ndéanfar seo.

1 . 2 Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág dóthain imeall ar an dá thaobh den pháipéar.

1 . 3 Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin de shaghas ar bith.

1 . 4 Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóscríobhtar an sliocht nó aon chuid de den dara huair.

1 . 5 Ní gá teideal an ghiota a chlóscríobh.

1 . 6 Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin ded chuid oibre chuig an bhfeitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar an dá chóip ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur leis an gcuid eile ded chuid chleachtaithe.

**2. Litir Ghnó**

2 . 1 Clóscríobh an litir seo sa bhfoirm cheart.

**3. Ráiteas Táblaithe**

3 . 1 Clóscríobh agus rialaigh **go néata**, i ndúch.

**4. Fógra**

4 . 1 Taispeáin an Fógra go héifeachtach.

4 . 2 Lárnaigh <u>gach</u> líne go cothrománach agus an Fógra uile go ceartingearach ar an leathanach.

**CEIST 1 - TRIAIL CHRUINNIS (10 Nóiméad Ceadaithe)**

**(a)** **Déan cóip charbóin ded chuid oibre.**

**(b)** **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág dóthain imeall.**

**(c)** **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúcháin.**

**(d)** **Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóscríobhtar an sliocht nó cuid de den dara huair.**

**(e)** **Tabhair an chóip chlóscríofa agus an chóip charbóin ded chuid oibre don Fheitheoir nuair a bheidh an Triail Chruinnis thart. Tabharfar iad seo ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun gur féidir leat do chuid oibre a chur in ord.**

Bhí dea-aimsir Dheireadh Fómhair seo caite ar fheabhas dona hastair. Ní raibh siad riamh níos fearr. Ach fiú sa ghnáthbhliain bíonn siad go maith. Is plandaí iad a fhástar go furasta, ní bhíonn gá acu le mórán cúraim ná aire rialta agus líonann siad bearna an tábhachtach a tharlaíonn i ndeireadh an tsamhraidh agus isteach san fhómhar. Is minic a thugtar Nóiníní Mhichíl orthu as Féile Mhichíl i nDeireadh Fómhair. Tá tóir orthu le fada i ngáirdíní agus ní deacair a thuiscint cén fáth.

Cé gurbh ann iad le fada agus iad á bhfás go forleathan i ngáirdíní d'fhéadfaí úsáid níos mó a bhaint as na hastair. Ar nós plandaí eile atá úsáideach ach coitianta ní bhíonn an meas orthu atá tuillte acu. Ba cheart úsáid éigin a bhaint i gcónaí as planda ar bith a bhíonn faoi bhláth go deireanach agus a chuireann fad le séasúr an fháis. Thuig na seangharraíodóirí é sin agus d'úsáid siad astair go forleathan. Ach faoi láthair is é a gcáil go bhfuil siad deacair agus is annaimhe a úsáidtear anois iad ná fadó. Cé nach bhfuil siad gan a gcuid fadhbanna níor cheart neamhshuim a
dhéanamh díobh i ngeall ar na deacrachtaí.

Gan trácht ar bheith faoi bhláth go deireanach tá de bhuntáiste ag astair gur plandaí móra iad. Is féidir leis an mbeagán astar fiú, ach iad a bheith fásta go maith, tionchar mór a imirt ar chuma an ghairdín de réir mar a mheathann an samhradh agus go dtagann dreach chaite an fhómhair. Feileann na dathanna go díreach don fhómhar.

**(25 marc)**

**CEIST 2 - LITIR GHNÓ**

**CLÓSCRÍOBH AN LITIR GHNÓ SEO A LEANAS. NÍL CÓIP CHARBÓIN DE DHÍTH. TÁ CLÚDACH NÓ CRUTH CLÚDAIGH RIACHTANACH.**

3 Meitheamh 2002

An tUasal Seán Ó hUaine
An Fheirm Shamplach
BÉAL ÁTHA HÉIS
Co Mhaigh Eo

An tUasal Ó hUaine

**MAIDIR LE: FIONTRAÍOCHT FEIRMEOIREACHTA NUA**

Gura maith agat as ucht do litreach ag fiosrú faoi aistriú go dtí an Fhionntraíocht Feirmeoireachta nua. Ba mhaith liom an t-eolas a leanas a thabhairt duit:

- Bíodh tuiscint mhaith agat ar an mbrabúsacht agus sreabhadh airgid thirim ón gcóras reatha.

- Féach cár féidir an obair a laghdú agus déan measúnacht ar an indéantacht a bhaineann le haon chaiteachas caipitiúil chun forbairtí den chineál sin a bhaint amach.

- Féach ar na fiontair mhalartacha agus réitigh buiséad agus aire á tabhairt agat do bhrabúsacht, sreabhadh airgid thirim agus aisíochtaí reatha bainc.

- Tógann sé tamall ar fhiontair mhalartacha brabús a thuilleamh. Idir an dá linn conas a mhaoineoidh tú na costais mhaireachtála agus na haisíochtaí bainc?

- An féidir leat úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní ar an bhfeirm chun ioncam malartach a ghiniúint, ar nós seideanna le cois, féarach geimhridh nó cuóta le cois?

- Bí réadúil faoin méid ar féidir leat a thuilleamh ón bhfeirm agus fainic nach mbeidh **DO IONCAM LASMUIGH DEN FHEIRM INA FHÓIRDHEONTAS DOD FHIONTAR FEIRME FÉIN.**

Ag súil gur fóinteach leat an t-eolas seo.

Le dea-ghuí

John Hill
COMHAIRLEOIR TALMHAÍOCHTA

**(25 marc)**

**CEIST 3 - RÁITEAS TÁBLAITHE**

**AN RÁITEAS TÁBLACH A LEANAS A CHLÓSCRÍOBH AGUS A RIALÚ, LE DO THOIL. GLACFAR LE STÍL BHLOIC NÓ LE STÍL LÁRNACH.**

## CUÓTAÍ BAINNE SAN AE
## 1998/'99

| Tír | Cuóta iomlán i ngach tír (milliún galún) | Meánchuóta/tréad (gal.) |
|---|---|---|
| An Ghearmáin | 5,950 | 32,000 |
| An Fhrainc | 5,174 | 35,440 |
| An Iodáil | 2,120 | 20,780 |
| An Ísiltír | 2,365 | 63,920 |
| An Bheilg | 707 | 35,350 |
| Lucsamburg | 57 | 57,000 |

**(30 marc)**

**CEIST 4 - Fógra**

**AN FÓGRA A LEANAS A THAISPEÁINT AR BHILLEOG DE PHORTRÁID A5 AGUS A LÁRNÚ GO CEARTINGEARACH AGUS GO COTHROMÁNACH**

**MITSUBISHI**

**TEILIFÍS IDIRLÍON 14”**

***MÉID AN SCÁILEÁIN INFHEICTHE 34CM**

***SCIMEÁIL AN IDIRLÍON AGUS SEOL R-PHOST**

GNÉITHE TÁBHACHTACHA:

*Smacht ag tuismitheoirí ar rochtain don idirlíon

*Cabhair Ar-Líne

*Simplí agus furasta le húsáid

DÉANAMH: bd14INT.

**TEAGMHÁIL LE DIXONS DEAL**
**DON PHRAGHAS IS FEARR**

TEILEAFÓN - 046-39748

**(20 marc)**